Dearbhú don Phátrún

Le síniú na foirme seo deimhním go dtuigim mar bhall den Bhord Bainistíochta na nithe seo a leanas:

1. Is Scoil lán-Ghaeilge atá sa scoil agus tuigim mar bhall den Bhord Bainistíochta céard atá i gceist le Scoil lán-Ghaeilge.
2. Faoin Acht Oideachais 1998 tá sé mar dhualgas ar an mBord Bainistíochta sainspiorad na scoile a chosaint. Tuigim agus cloífidh mé, mar bhall den Bhord Bainistíochta leis na treoracha agus cleachtais atá leagtha síos ag an bpatrún i leith shainspioraid na scoile.
3. Feidhmeoidh an Bord Bainistíochta agus an scoil faoi údarás an Phátrúin - *An Foras Pátrúnachta* - de réir rialacháin na Roinne Oideachais agus na nAchtanna cuí.
4. Feidhmeoidh an Bord Bainistíochta ar an Scoil lán-Ghaeilge trí mheán na Gaeilge.
5. Cloífidh na Baill le coinníoll na rúndachta mar atá leagtha síos i gComhdhéanamh na mBord & Rialacha Imeachta 2019, An Roinn Oideachais.
6. Árachas & Cuntais:
    a. Tógfaidh an scoil árachas amach a chlúdóidh an Pátrún - *An Foras Pátrúnachta* - agus cuirfidh siad cóip den pholasaí árachais ar fáil don bhForas go bliantúil nó nuair a iarrtar ón bPatrún é.
    b. Cuirfidh an scoil cuntas airgid atá iniúchta ag iniúchóir nó dearbhaithe ag cuntasóir neamhspleách ar fáil do *An Foras Pátrúnachta* go bliantúil nuair a iarrtar ón bPátrún é.
7. Coimeádfaidh an Bord Bainistíochta *An Foras Pátrúnachta* ar an eolas faoi pholasaithe cuí agus faoi dhul chun cinn na scoile agus cuirfear aon doiciméid ar fáil don *An Foras Pátrúnachta* mar a éileofar é.
8. Meabhraítear don Bhord Bainistíochta go bhfuil dualgas orthu a chur in iúl do *An Foras Pátrúnachta* i scríbhinn faoi aon phleananna maidir le cóiríocht nó tógáil nó feabhsaithe ar an scoil.

9. Ba cheart don bhord dul i gcomhairle leis *An Foras Pátrúnachta* faoi léasanna. Is é an pátrún *An Foras Pátrúnachta* - a shíníonn na léasanna ar son na scoile.
10. Glacann an Bord Bainistíochta le húdarás An Foras Phátrúnachta atá mar phátrún ar an scoil.

NB: Beidh seisiúin oiliúna á reáchtáil ag *An Foras Pátrúnachta* sa bhliain nua do na Boird. Le síniú na foirme tuigim go bhfuil dualgas orm freastal ar na seisiúin oiliúna chun tuiscint chruinn a fháil ar ról agus ar fhreagrachtaí an Bhoird.